Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0004(COD)**

**15477/1/18
REV 1**

**CODEC 2311
SOC 781
EMPL 586
SAN 468**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 12 Eanáir 2017, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 153(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 31 Bealtaine 2017[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

1 5251/17.
2 IO C 288, 31.8.2017, lch. 56.

4. Ar an 11 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 60/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag vótáil ina choinne;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 15225/18.